C/2024/1231

31.1.2024

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/1231)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Vindelnrökt skinka’

Uimh. AE: PGI-SE-02654 – 20.1.2021

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (ainmneacha) TGFC**

‘Vindelnrökt skinka’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An tSualainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.2. Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is éard is ‘Vindelnrökt skinka’ ann liamhás lánmheatán ó mhuc (Sus domestica) a dhéantar a theodheatú ar an mbealach traidisiúnta in áitheanna deataigh a théitear le hadhmad fearnóige. Déantar ‘Vindelnrökt skinka’ a dheatú agus é curtha isteach i líon nó déantar é a dheatú i suíomh comhréidh.

Is iad seo a leanas saintréithe ‘Vindelnrökt skinka’:

Liamhása a dhéantar a dheatú i suíomh comhréidh

Cuma: liamhás gearrtha díchnámhaithe le dromchla garbh agus cruth agus tiús neamhrialta. Bíonn dath donn air agus imireacha atá idir blaosc chollchnónna agus pónaire caife rósta (NCS 8010-Y50R/7020-Y70R). Ar an taobh amuigh bíonn toin teolaí cainéil ag an tsaill agus na teannáin (NCS 3020-Y30R).

Meáchan: 3–6 kg

Liamhása curtha isteach i líon

Cuma: liamhás lánmheatán dea-fhoirmithe a bhfuil cruth aonfhoirmeach agus aonchineálach air. Is dath donn dóite éadrom a bhíonn air agus imireacha de bhlaosc chollchnónna ann (NCS S6020-Y20R).

Meáchan: 1–3 kg

Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le ‘Vindelnrökt skinka’ a dhéantar a dheatú agus é i suíomh comhréidh nó curtha isteach i líon:

Dromchla gearrtha: dath cothrom sean-róis (NCS S1010R), ina mbíonn imireacha éagsúla ag brath ar an ngearrthóg, agus saill atá neasbhán (NCS S0505-Y20R).

Uigeacht: daingean, agus éasca le sliseadh go dtí an tiús a theastaíonn cibé acu le scian nó meaisín gearrtha.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Dea-bholadh: tá nótaí sa dea-bholadh mar a bheadh deatach ó thine campála, uisce beatha deataithe, adhmad fearnóige deataithe fliuch, agus tarra. Bíonn sé casta, láidir, ach ní bhíonn sé géar. Bíonn dea-bholadh taitneamhach na muiceola cócaráilte ón taobh istigh. Cumhráin shaibhre agus roinnt binneas cothromaithe chomh maith le nótaí pléisiúrtha an uisce beatha dheataithe.

Úscra: úscra iomlán a mbaineann goirte chothromaithe ar leith leis, blas deataithe atá marcáilte, beagán aigéadach agus a bhfuil nótaí den chrua-adhmad, seirbhe chaolchúiseach agus binneas bunúsach fíneálta iarmharach ón muiceoil a bhfuil umami taobh thiar di.

Iarbhlas: tá an dea-bholadh agus an t-úscra fite fuaite ina chéile, rud a chiallaíonn gur in iarbhlas fada an deataigh agus an umami a léirítear an t-eispéireas cumhachtach aramatach.

An blas sa bhéal: taitneamhach daingean sa ghreim; mar gheall ar an tsaill mar aon leis an bhfeoil deataithe, bíonn eispéireas itheacháin láidir gan bheith géar ann, agus bíonn uachtarúlacht áirithe ann. Cuidíonn an tsaill le feabhas a chur ar eispéireas an bhlaiste nuair a itear an fheoil deataithe.

Cion próitéine: 20–28 g/100 g

Cion saille: 3–4,5 g/100 g

Carbaihiodráití: 0,0–0,6 g/100 g

Ní féidir 'Vindelnrökt skinka' a ghearradh ina chodanna ná a shliseadh go dtí go ndéantar an deatú.

Déantar 'Vindelnrökt skinka' as liamhás iomlán gan chnámh ('butiksskinka') a glanadh le scian nó as liamhás i bhfoirm gearrthacha (más, íostiarpa, geadán, lorga agus rolla). Tagann an t-amhábhar ó mhuca a thógtar sa tSualainn. A bhuí le reachtaíocht níos déine sa tSualainn maidir le leas ainmhithe, tá dálaí maireachtála maithe ag muca a thógtar sa tSualainn. Tá cosc ar sciotadh eireaball. Mar gheall ar dhea-shláinte na n-ainmhithe agus an úsáid íseal a bhaintear as antaibheathaigh, tá an mhuiceoil ar ardchaighdeán, níl antaibheathaigh inti, ná trichinae ná salmonella, agus is annamh a bhíonn baictéir fhrithsheasmhacha in aghaidh ildrugaí inti.

Breiseáin eile: salann leasaithe nítríte (E250): 99,4 % clóiríd sóidiam (NaCl) agus 0,6 % nítrít sóidiam ($NaNO_2$).

Úsáidtear adhmad fearnóige rúiscthe (Alnus sp.) le haghaidh an deataithe. Is féidir sliseanna fearnóige a úsáid sa phróiseas deataithe mar fhorlíonadh, ach ní mór nach gcuirtear iad in ionad adhmad fearnóige rúiscthe.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Tógtar na muca atá le marú ar bheatha ina bhfuil thart ar 30 % eorna, 55 % cruithneacht agus 15 % tiúchan próitéine (pónairí leathana/pónairí soighe den chuid is mó, seachtháirgí síl ráibe, vitimíní agus mianraí).

3.4. *Bearta sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ón tráth a shailltear an t-amhábhar go dtí an deatú agus an gearradh ina chodanna, ní mór an próiseas táirgthe ar fad a dhéanamh laistigh den limistéar geografach a shainítear i bpointe 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é paróiste Degerfors i gcúige Västerbotten limistéar táirgthe 'Vindelnrökt skinka' .

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir saintréithe sonracha 'Vindelnrökt skinka' agus an limistéar táirgthe bunaithe ar na tosca daonna a bhaineann leis an gcleachtas traidisiúnta sa limistéar geografach liamhás a dheatú in áitheanna brící a théitear le hadhmad fearnóige.

Sainiúlacht an táirge

Tagann saintréithe sonracha ‘Vindelnrökt skinka’ ó scileanna ceardaíochta, cáilíocht an amhábhair agus an próiseas deataithe speisialta. Tá difríocht shuntasach idir na saintréithe sin agus na saintréithe a fhaightear i liamhás a dhéantar a dheatú ar an ngnáthbhealach.

Mar thoradh ar an bpróiseas deataithe speisialta, tá blas deataithe iomlán, marcáilte agus beagán aigéadach ar ‘Vindelnrökt skinka’, agus tá nótaí crua-adhmaid agus seirbhe íogair ann.

Is dea-bholadh cumhachtach casta a bhíonn air agus bíonn nótaí ar leith de thine campa, uisce beatha deataithe, deatach adhmaid fearnóige fliuch agus tarra ann. Is san eispéireas láidir aramatach a léirítear an t-iarbhlas fada.

Is comhábhar coitianta iad milsitheoirí breise ar mhaithe le caolú an bhlais beagán searbh a d’fhéadfadh a bheith ar liamhása a dhéantar a dheatú in áitheanna deataigh gásadhainte, ach ní bhíonn aon mhilsitheoir breise in ‘Vindelnrökt skinka’.

Murab ionann agus go leor liamhás eile atá ar an margadh, coinníonn ‘Vindelnrökt skinka’ le chéile go maith le linn deatú gan é a líonadh i gcásálacha collaigine, mar shampla.

Sainiúlachtaí an limistéir táirgeachta

Tá limistéar táirgthe ‘Vindelnrökt skinka’ suite ag domhanleithead 64 chéim ó thuaidh. Tá aeráid fhuar mheasartha sa limistéar le frasaíocht i rith na bliana agus bíonn an samhradh fuar ann (Dfc de réir aicmiú aeráide Köppen). Bíonn an mheánteocht idir – 12°C i mí Eanáir agus 15 °C i mí Iúil, agus maidir leis an bhfrasaíocht, is idir 35 mm sa mhí ó Fheabhra go hAibreán a bhíonn ann, agus 75 mm i mí Lúnasa. Le linn leathbhliain an gheimhridh, is i bhfoirm sneachta a thagann an fhrasaíocht, den chuid is mó.

Téann dhá cheann de na haibhneacha is mó sa tSualainn, an Ume agus an Vindel, tríd an limistéar táirgthe. In aice leis na haibhneacha, bíonn fás maith ar na crainn fearnóige (Alnus sp.) a úsáidtear chun ‘Vindelnrökt skinka’ a dheatú.

Nasc le tosca daonna a bhaineann leis an limistéar geografach

Déantar ‘Vindelnrökt skinka’ a dheatú in áitheanna brící a théitear le hadhmad fearnóige, de réir an traidisiúin sa limistéar geografach. Tá a n-airíonna féin ag na háitheanna brící, agus an té a dhéanann an deatú leasaitheach, ní mór dó sin a chur san áireamh le linn an phróisis deataithe. Ina theannta sin, maidir leis na háitheanna deataigh, bíonn tionchar ag tosca comhthimpeallacha orthu, amhail an teocht, an taise agus an brú atmaisféarach. Dá bhrí sin, an té a dhéanann an deatú leasaitheach, ní mór dó an próiseas deataithe a chur in oiriúint do na tosca comhthimpeallacha atá i réim. Mar shampla, ag brú ard, ag teocht sheachtrach íseal nó ag bogthaise atmaisféarach ard, úsáidtear níos mó adhmaid agus tógann sé níos faide ‘Vindelnrökt skinka’ a dheatú.

Gan beann ar mhéid na liamhás, d’fhonn iad a dheatú go cothrom, ní mór don té a dhéanann an deatú leasaitheach na liamhása a chrochadh san áith dheataigh trí mhodh speisialta atá in oiriúint don áith dheataigh atá i gceist. Rud eile, ní mór don té a dhéanann an deatú leasaitheach a chinntiú go gcrochtar na liamhása ionas nach mbeidh siad buailte ar a chéile. Fágann sin gur féidir na dromchlaí go léir a dheatú go cothrom.

Nuair a bhíonn na liamhása á ndeatú, seiceálann an té a dhéanann an deatú leasaitheach an teocht agus taise an atmaisféir san áith dheataigh i gcónaí. D’fhonn teochtaí ró-ard a sheachaint san áith, ní mór an t-adhmad fearnóige a bheith beagán tais. Cinneann an té a dhéanann an deatú leasaitheach cion taise an adhmaid trína bhraistint cé chomh trom is atá sé. Má laghdaíonn taise an atmaisféir san áith mar sin féin, is féidir leis an té a dhéanann an deatú leasaitheach é sin a cheartú trí ghal a chur leis.

Cinneann an té a dhéanann an deatú leasaitheach go bhfuil deatú ‘Vindelnrökt skinka’ i gcrích tríd an lár-theocht a thomhas agus an liamhás a bhraistint. Ní mór an dromchla a bheith tais agus ní mór comhsheasmhacht leathchrua agus tuin dhorcha dhonn a bheith ag an liamhás. Éiríonn an dath níos déine agus níos dorcha de réir mar a fhuaraíonn an liamhás, éiríonn an chomhsheasmhacht níos daingne agus téann an dromchla i dtriomacht.

Mar thoradh ar an bpróiseas deataithe speisialta, tá an-cháil tuillte ag‘Vindelnrökt skinka’ i measc tomhaltóirí agus bialannaithe araon, go háirithe sa chuid thuaidh den tSualainn. Tá an clú sin á thógáil de réir a chéile ó dheireadh na 1910í.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

https://www.livsmedelsverket.se/globalassets/foretag-regler-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/ansokan-produktspecifikaiton-vindelnrokt-skinka.pdf